



Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Scéim Teanga

2019-2022

Clár an Ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra.....	3
1.1 Réamhrá.....	3
1.2 Ullmhú na Scéime agus Ábhar na Scéime.....	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime.....	3
Caibidil 2: Forléargas ar an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail.....	4
2.1 Ráiteas Misin.....	4
2.2 Aidhmeanna agus Cuspóirí.....	4
2.3 Ár bhFís.....	4
2.4 Beartas Tuaithe agus Pobail a Chomhordú.....	5
Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge do 2019-2021.....	6
3.1 Mionsonraí faoi na Seirbhísí arna gcur ar fáil i mBéarla amháin nó sa dá theanga.....	6
3.2 Custaiméirí.....	6
3.3 Comhfhreagras.....	6
3.4 Cumarsáid leis an bpobal ar an Teileafón.....	6
3.5 Óráidí.....	7
3.6 Stáiseanóireacht.....	7
3.7 Comharthaíocht.....	7
3.8 Cumarsáid Inmheánach.....	7
3.9 Cumarsáid sna Meáin.....	7
3.10 Cuirí Oifigiúla.....	7
3.11 Freagraí ar Iarrataí um Shaoráil Faisnéise.....	8
3.12 Láithreán Gréasáin agus Ríomhchórais na Roinne.....	8
3.13 Foilseacháin.....	8
3.14 Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta.....	8
Caibidil 4: Feabhas a Chur ar Chumas sa Teanga.....	9
4.1 Acmhainní Daonna.....	9
4.2 Oiliúint agus Forbairt.....	9
4.3 Poist Ghaeilge Ainmnithe.....	10
4.4 Seirbhísí Aistriúcháin.....	10
Caibidil 5: Poiblíocht a thabhairt don Scéim Chomhaontaithe.....	11
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	12

Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Is í seo an chéad Scéim Teanga de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Beidh sí i bhfeidhm sa tréimhse 2019-2022 agus ullmhaíodh í de réir na dTreoirlínite a leagtar amach faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

1.2 Ullmhú na Scéime agus Ábhar na Scéime

Feidhmíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi threoir an phrionsabail gur chóir seirbhísí Gaeilge a bhunú ar réimse gnéithe, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- an méid éilimh atá ar na seirbhísí sin;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i ndáil le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge;
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus acmhainneacht na Roinne cumas riachtanach sa teanga a fhorbairt, nó a aimsiú, d'fhonn na seirbhísí sin a chur ar fáil.

Cuireadh an Scéim seo i dtoll a chéile agus é mar aidhm léi a chinntiú go dtabharfar go hiomlán faoi gach oibleagáid atá ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach, trí bhíthin na scéime seo agus scéimeanna eile amach anseo. Tugtar aitheantas don am agus don iarracht a chaith gach duine a raibh baint acu leis an bpróiseas seo agus táthar buíoch as sin.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón 08 Aibreán 2019 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndeimhneofar scéim nua, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2 Forlárargas ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

2.1 Ráiteas Misin

Is é misean na Roinne:

Forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann

Is í ár bhfís go mbeidh an deis ag gach pobal fás agus forbairt a dhéanamh go sóisialta agus ó thaobh an gheilleagair de. D'fhonn cuidiú sin a bhaint amach, rachaidh an Roinn i mbun oibre ar fud an Rialtais chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na coinníollacha a thacóidh le deiseanna méadaithe geilleagracha agus le fostaíocht áitiúil i ngach ceantar sa tír a chruthú
- Scéimeanna agus cláir a chur ar fáil a thacóidh le hathbheochan bailte agus sráidbhailte
- An teacht atá ar sheirbhísí agus ar líonraí sóisialta a chinnteoidh caighdeán saoil níos airde a fheabhsú
- A chur ar chumas na bpobal atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe nó atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar shaincheisteanna sóisialta barr a gcumas a bhaint amach anois agus amach anseo
- Tacú le gach pobal chun go mbeidh tionchar acu ar an saol amach anseo agus chun go mbeidh tionchar acu ar na spriocanna coiteanna atá acu.

2.2 Aidhmeanna agus Cuspóirí

Tá mar aidhm ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann.

Tá príomhoifigí na Roinne lonnaithe i mBéal an Átha agus i mBaile Átha Cliath. Is féidir teacht ar phríomhuimhreacha teileafóin agus mionsonraí teagmhála eile na Roinne ar láithreán gréasáin na Roinne <https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-rural-and-community-development/>.

Tá eolas mionsonraithe faoi ghníomhaíochtaí gach réimse feidhme agus gach aonaid de chuid na Roinne le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne <https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-rural-and-community-development/>

2.3 Ár bhFís

Is í ár bhfís go mbeidh an deis ag gach pobal fás agus forbairt a dhéanamh go sóisialta agus ó thaobh an gheilleagair de. D'fhonn cuidiú sin a bhaint amach, rachaidh an Roinn i mbun oibre ar fud an Rialtais chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na coinníollacha a thacóidh le deiseanna méadaithe geilleagracha agus le fostaíocht áitiúil i ngach ceantar sa tír a chruthú
- Scéimeanna agus cláir a chur ar fáil a thacóidh le hathbheochan bailte agus sráidbhailte
- An teacht atá ar sheirbhísí agus ar líonraí sóisialta a chinnteoidh caighdeán saoil níos airde a fheabhsú

- A chur ar chumas na bpobal atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe nó atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar shaincheisteanna sóisialta barr a gcumas a bhaint amach anois agus amach anseo
- Tacú le gach pobal chun go mbeidh tionchar acu ar an saol amach anseo agus chun go mbeidh tionchar acu ar na spriocanna coiteanna atá acu

2.4 Beartas Tuaithe agus Pobail a Chomhordú

Tosaíocht don Rialtas is ea forbairt tuaithe agus pobail agus tá líon mór Ranna agus gníomhaireachtaí Stáit dul i mbun oibre ina leith i gceist leis sin. Is príomhfheidhm de chuid na Roinne é na freagairtí a fhaightear ar fud na Ranna maidir le riachtanais phobal na tuaithe agus riachtanais na bpobal áitiúil a chomhordú agus beartas a fhorbairt atá in ainm is cur le dul chun cinn an gheilleagair agus le dul chun cinn sóisialta na limistéar sin sa tsochaí. Bainfear sin amach trí chomhoibriú a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe sa Rialtas ar gach leibhéal, suas go dtí na Coistí Comh-Aireachta, agus na Coistí sin san áireamh, agus trí rannpháirtíocht na nAirí, agus é mar chuspóir a chinntiú go nglacfaidh beartas an Rialtais cur chuige iomlánaíoch a mbeidh gach pobal san áireamh ann, beag beann ar an áit ina bhfuil na pobail sin ná ar an déimeagrafaic.

Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge do 2019-2022

3.1 Mionsonraí faoi na Seirbhísí arna gcur ar fáil i mBéarla amháin nó sa dá theanga

Tá an Roinn tiomanta na seirbhísí is fearr is féidir a chur ar fáil dá custaiméirí sa dá theanga oifigiúla. De bharr nádúr ról agus feidhmeanna na Roinne, ní bhíonn mórán teagmhála leis an bpobal i gceist, ná ní chuirtear seirbhísí ar fáil don phobal ar bhonn aonair. Dá réir sin, is trí mheán an Bhéarla a chuirtear príomhsheirbhísí na Roinne ar fáil den chuid is mó. Leanfar le socruithe le linn na Scéime seo, áfach, lena chinntiú go ndéanfar soláthar i gcónaí do sheirbhísí Gaeilge a chur ar fáil don phobal.

3.2 Custaiméirí

Léiríonn bonn custaiméirí na Roinne an réimse leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí a thagann faoina cúram. Tá an Roinn tiomanta seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil dá custaiméirí go léir de réir an 12 Phrionsabail Seirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí. De réir na rialachán a rinneadh de bhun fhorálacha alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, leanfaidh an Roinn dá ceanglais reachtúla a chomhlíonadh. Beidh ár dtiomantais maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge san áireamh i gCairt Chustaiméirí agus i bPlean Gníomhaíochta na Roinne.

3.3 Comhfhreagras

De réir alt 9 (2) den Acht, leanfar de fhreagairt do gach comhfhreagras i scríbhinn (litreacha agus ríomhphoist) sa teanga ina fuarthas é. Coinneoidh an Roinn loga den chomhfhreagras go léir a gheofar i nGaeilge chun monatóireacht a dhéanamh ar éileamh agus chun taifead a choinneáil d’eagraíochtaí ar fearr leo cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge mar a leagtar amach. Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar chóras ríomhphoist na Roinne, amhail séanadh freagrachta, i mBéarla agus i nGaeilge araon, de réir shíniú leictreonach caighdeánaithe na Roinne.

3.4 Cumarsáid leis an bpobal ar an Teileafón

Sa chás gur mian le duine a ghnó a dhéanamh i nGaeilge ar an teileafón, cinnteoidh an Roinn go mbeidh oifigeach sa Roinn ar fáil chun an tseirbhís sin a chur ar fáil, nuair is gá. Tabharfaimid freagra i nGaeilge do dhaoine ar mian leo Gaeilge a labhairt, nuair is féidir sin, nó tabharfar de rogha dóibh go nglaofaidh ball foirne atá ábalta déileáil le fiosrúcháin i nGaeilge ar ais ar an duine laistigh de lá oibre amháin. Tá liosta ball foirne a labhraíonn Gaeilge curtha i dtoll a chéile ag an Roinn chun cabhrú leis an bpobal i ndáil leis sin.

De réir phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, leanfaidh an Roinn de chinntiú go dtabharfaidh oibreoirí lasc-chlár agus lucht fáiltithe, arb iad an chéad teagmháil leis an bpobal iad, ainm na Roinne i mBéarla agus i nGaeilge (agus an t-ainm Gaeilge le tabhairt ar dtús).

3.5 Óráidí

Leanfar d'óráidí nó ráitis a dhéanann an tAire, san Oireachtas nó in áiteanna eile, chomh maith le hóráidí ó oifigigh shinsearacha, a chur ar fáil sa teanga inar tugadh iad. Áireofar air sin óráidí a rinneadh i nGaeilge.

Tugann an Roinn gealltanas beannacht i nGaeilge (ag tús nó ag deiridh na hóráide) a chur i roinnt óráidí a dhéanfaidh an tAire (agus an tAire Stáit) agus a uaslódálfar ar láithreán gréasáin na Roinne.

3.6 Stáiseanóireacht

Bíonn ceanteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh chomhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach, i nGaeilge nó dátheangach. I gcás ina ngintear freagra uathoibríoch ó chuntas ríomhphoist roinnte, beidh faisnéis i nGaeilge agus i mBéarla sa bhuntásc.

3.7 Comharthaíocht

Is i nGaeilge nó sa dá theanga a bheidh an chomharthaíocht nua go léir sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Sa chás go gcaithfear comharthaíocht atá ann cheana féin a thabhairt cothrom le dáta, déanfar sin thar shaolré na Scéime, de réir na rialachán (I.R.

Uimh.391/2008) a rinneadh de bhun fhorálacha alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

3.8 Cumarsáid Inmheánach

- Maidir le cóiríocht agus áiseanna, leanfar de chinntiú go mbeidh téacs i mBéarla agus i nGaeilge i ngach fógra poiblí i bhfoirgnimh na Roinne;
- De réir mar a dhéanfar athsholáthar ar shuaitheantais agus ar chártaí gnó do bhaill foirne nua, foilseofar ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla araon.
- Tabharfar pacáiste ionductaithe do bhaill foirne nua ina mbeidh cóip de scéim chomhaontaithe na Roinne

3.9 Cumarsáid sna Meáin

Déanfaidh Preasoifig na Roinne:

- Thar shaolré na Scéime, 20% dá preasráitis a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla araon; (go comhuaineach)
- Soláthar go n-éascófar d'fhoireann na Preasoifige freastal ar chúrsaí Gaeilge laistigh d'uaireanta oifige

3.10 Cuirí Oifigiúla

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag cinntiú go ndéanfar cuirí chuig ócáidí cuí arna n-óstáil ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail a eisiúint sa dá theanga oifigiúla.

3.11 Freagraí ar Iarrataí um Shaoráil Faisnéise

Déanfar ábhar a bhaineann le hiarrataí um Shaoráil Faisnéise (seachas iarrataí ar fhaisnéis phearsanta) a fhoilsítear ar láithreán gréasáin na Roinne a fhoilsiú sa teanga ina fuarthas an iarraidh.

3.12 Láithreán Gréasáin agus Ríomhchórais na Roinne

Is i mBéarla agus i nGaeilge a bheidh an t-ábhar arna chur ar fáil ag an Roinn ar an láithreán gréasáin Gov.ie, ó thaobh an ábhair ghinearálta a bhaineann leis an Roinn agus lena seirbhísí. Is i mBéarla amháin a bheidh ábhar áirithe, mar a luadh thuas, e.g. óráidí, foilseacháin de chuid Ranna/comhlachtaí eile agus ábhar ar bith nach bhfuil beartaithe ag an Roinn a fhoilsiú go dhátheangach, ar fáil ar an láithreán gréasáin.

- Beidh na ríomhchórais reatha go léir comhoiriúnach leis an nGaeilge.
- Beidh ríomhchóras nua ar bith a shuiteálfar lán ábalta plé leis an nGaeilge.
- Leanfaidh an comhlacht poiblí d'úsáid ghníomhach a bhaint as teicneolaíocht agus d'fheabhas a chur ar an soláthar seirbhísí dátheangacha.

3.13 Foilseacháin

Sa chás go gcuirfeadh an Roinn bileoga eolais agus ábhar eile ar fáil a mbeadh spéis ag an bpobal ann, is sa dá theanga a chuirfear ar fáil iad.

3.14 Seirbhís i gCeantair Ghaeltachta

Leanfaidh an Roinn de sheirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil don phobal i gceantair Ghaeltachta de réir mar is gá.

Caibidil 4: Feabhas a Chur ar Chumas sa Teanga

Tá an Roinn tiomanta a chinntiú go mbeidh acmhainní teanga leordhóthanacha sa Roinn chun an leibhéal riachtanach seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil. Tabharfaidh an t-aonad Foghlama agus Forbartha de chuid Acmhainní Daonna deis do bhaill foirne cur lena n-inniúlacht sa Ghaeilge agus cuirfear acmhainní teanga leordhóthanacha agus sainoiliúint ar fáil de réir mar is cuí.

4.1 Acmhainní Daonna

D’fhonn measúnú a dhéanamh ar an méid Gaeilge sa Roinn agus d’fhonn na baill foirne atá ar fáil chun seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil a fhógairt go poiblí, déanfaidh an t-aonad Foghlama agus Forbartha de chuid Acmhainní Daonna an méid seo a leanas:

- Suirbhé bliantúil ar cé na baill foirne atá ar fáil chun déileáil leis an bpobal i nGaeilge agus a bheidh sásta an tseirbhís sin a chur ar fáil de réir mar is gá;
- Ainmneacha na n-oifigeach atá inniúil sa Ghaeilge agus an caighdeán atá acu, idir labhairt agus scríobh na Gaeilge, a fhoilsiú ar láithreán inlín na Roinne;
- Seachtain na Gaeilge agus imeachtaí Gaeilge eile a chur chun cinn sa Roinn, lena n-áirítear seisiúin eolais agus cuir i láthair i nGaeilge;
- Plé leis an Struchtúr Eagrúcháin agus faisnéis ábhartha a chur ar fáil mar chuid den mhonatóireacht chórasach agus den athbhreithniú córasach ar an Scéim.

4.2 Oiliúint agus Forbairt

Mar chuid dá tiomantas maidir le hoiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil don fhoireann go léir, déanfaidh an Roinn an méid seo a leanas:

- Beidh sí tiomanta i gcónaí do dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann freastal ar chúrsaí creidiúnaithe oiliúna sa Ghaeilge, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil, lena n-áirítear deiseanna arna gcur ar fáil trí bhíthin oiliúint arna soláthar go díreach don Roinn;
- Gach cineál breisoideachais Ghaeilge a chur chun cinn trí bhíthin Scéim um Aisíoc Táillí na Roinne, lena n-áirítear éascú do bhaill foirne freastal ar oiliúint laistigh d’uaireanta oifige;
- Sainoiliúint nó oiliúint shaindirithe i nGaeilge a chur ar fáil, de réir mar is cuí, lena n-áirítear do gach ball foirne fáiltithe agus d’oifigigh sheirbhíse, d’fhonn cur lena bhfeasacht faoi bheannachtaí bunúsacha agus lena n-eolas ar an nGaeilge;
- Poiblíocht a dhéanamh ar an Ionad *One Learning*, an t-ionad comhfhoghlama nua don státseirbhís, a chuirfidh réimse seirbhísí ar fáil do bhaill foirne, lena n-áireofar iad sin a bhaineann leis an nGaeilge;
- Díriú ar Scéim Teanga na Roinne mar chuid de sheimineáir ionduchtaithe lena chinntiú go gcuirfear gach fostaí nua ar an eolas faoi gach gealltanais a dhéantar faoin Scéim;
- Leanúint de rochtain ar acmhainní teanga a chur ar fáil do bhaill foirne, lena n-áirítear na cinn sin atá ar fáil ar líne agus trí bhíthin an rochtain atá ag an Roinn ar áiseanna leabharlainne éagsúla;
- Aird a tharraingt ar an oiliúint agus ar na hacmhainní i nGaeilge atá ar fáil laistigh den chuid Acmhainní Daonna ar láithreán inlín nua na Roinne;

- Chomh maith le deis oiliúna a fháil, tabharfar beannachtaí bunúsacha i nGaeilge do bhaill foirne fáiltithe agus d'oifigigh seirbhíse chun cabhrú le cuairteoirí ar mian leo labhairt i nGaeilge.

4.3 Poist Ghaeilge Ainmnithe

Le linn tréimhse na Scéime seo, sannfaidh an Roinn Oifigeach Gaeilge a bheidh freagrach as nithe a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta agus na Scéime sa Roinn an ról a bheidh ag an Oifigeach Gaeilge.

4.4 Seirbhísí Aistriúcháin

Cinntoidh an tAonad Comhlíonta go bhfuil aistritheoir Gaeilge cuí i bhfeidhm ag an Roinn agus cuirfear foireann iomlán na Roinne ar an eolas faoin tseirbhís sin.

Caibidil 5: Poiblíocht a thabhairt don Scéim Chomhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar ábhar na scéime seo ar an tslí seo a leanas:

- Scaipeadh inmheánach sa Roinn
- Preasráiteas
- Scaipeadh ar chomhlachtaí cuí, agus
- An Scéim a fhógairt agus a poiblíocht a thabhairt di ar láithreán gréasáin na Roinne

Tapóidh an Roinn gach deis inár gcaidreamh le custaiméirí ó lá go lá na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus poiblíocht a thabhairt dóibh, mar seo a leanas:

- Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach go bhfuil rogha acu plé leis an Roinn trí mheán na Gaeilge;
- Liosta feiceálach de na seirbhísí sin a chur ar ár láithreán gréasáin;
- A chur in iúl ar threoirlínte, ar bhileoga agus ar fhoirmeacha iarratais faoi leith go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge freisin, ach amháin más sa dá theanga atá siad;
- An tsuntasacht chéanna a thabhairt d'ábhar i nGaeilge agus d'ábhar i mBéarla.

Tá cóip den scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an tAonad Forbartha Eagrúcháin sa Roinn monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhonn rialta. Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar iarratais ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a fuarthas trí bhíthin chóras an láithreáin gréasáin agus an chórais teileafóin.

I gcomhthéacs a fhreagrachtaí i ndáil le cur i bhfeidhm Scéim Teanga na Roinne agus Phlean Gníomhaíochta na Roinne um Sheirbhís do Chustaiméirí a chomhordú, cuirfidh an tAonad Forbartha Eagrúcháin tuarascálacha ar fáil don Bhord Bainistíochta uair sa bhliain maidir leis an méid éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge a fheictear sa Roinn, an freagra ar an éileamh sin, agus an fhorbairt ar chumas na Roinne seirbhísí den sórt sin a sholáthar. Coinneoidh an Bord Bainistíochta feidhmiú na Scéime Teanga faoi athbhreithniú trí bhíthin na dtuarascálacha bliantúla sin.